AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

M. 5

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

45791

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I

(220 marc)

DÉ hAOINE, 11 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT – [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A – GIOTA LEANÚNACH – (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) Nuair a thagann an samhradh.
(ii) Fógraí.
(iii) Áit stairiúil i mo cheantar féin.

### B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Dhún Nóra an mála agus chuir sí an glas air ......".

**nó**

(ii) "Bhí ag éirí go maith le Pádraig. Bhí an t-ádh air sa deireadh ......"

### C – LITIR – (60 marc)

(i) Bhí tú ag imirt ar fhoireann le déanaí. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

(ii) Ba mhaith leat do thuairim a thabhairt ar scrúduithe. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig eagarthóir nuachtáin faoi sin.

### D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Ba mhaith le cara leat bheith ina m(h)úinteoir, ach níor mhaith leatsa an post sin. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(ii) Tá d'athair (do mháthair) ag caint leat faoin méid ama a chaitheann tú ag féachaint ar an teilifís. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**CEIST 2** **– LÉAMHTHUISCINT –** **[100 marc]**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

# RÓS AN IARTHAIR



Aithníonn cuid mhór de mhuintir na hÉireann an t-ainm **Luzveminda Ní Shúilleabháin** mar gur bhuaigh sí coróin Rós Thrá Lí anuraidh. Nuair a d'fhág sí an ollscoil i mBaile Átha Cliath an samhradh seo caite le dul abhaile go Caisleán an Bharraigh, ní raibh sí ag smaoineamh ar chor ar bith ar chomórtas Rós Thrá Lí. Ba é a hathair a chonaic an fhoirm iarratais don chomórtas agus d'fhiafraigh sé di an mbeadh sí sásta cur isteach ar an gcomórtas sin.

Nuair a bhuaigh sí an comórtas agus nuair a bhí cumann carthanachta á roghnú aici, bhí tionchar ag a máthair ar an rogha a rinne sí. "Tá *Trócaire* i mbun oibre sna hOileáin Fhilipíneacha, agus ó tharla gurbh as na hOileáin Fhilipíneacha mo mháthair, bheartaigh mé go mba mhaith an rud é cúnamh a thabhairt do *Trócaire*," a deir Luzveminda.

Fuair a máthair bás sa bhliain 1987. Sa bhliain 1988 thug a hathair an chlann ar cuairt chuig na hOileáin Fhilipíneacha. "Cheap go leor daoine go raibh sé glan as a mheabhair cúigear páiste an-óg a thabhairt leath bealaigh timpeall an domhain," a deir Luzveminda, "ach mheas seisean go raibh an ceart aige é sin a dhéanamh. Ba mhór an tairbhe a bhain mé as bualadh le gaolta mo mháthar agus as áit dúchais mo mháthar a fheiceáil." Tá sé beartaithe acu cuairt eile a thabhairt ar na hOileáin Fhilipíneacha de bharr gur tugadh turas saor in aisce dóibh nuair a ghlac Luzveminda páirt sa *Late Late Show* ar RTÉ anuraidh.

Tá Luzveminda an-bhródúil as a hathair. "Thóg sé cúigear páiste an-óg gan mórán cúnaimh. D'oibrigh sé le Bord na Móna agus bhíodh sealanna oibre an-fhada aige. Seachtain amháin rachadh sé ag obair ar a ceathair a chlog ar maidin agus d'fhillfeadh sé ar a trí a chlog san iarnóin. Uaireanta eile, d'fhillfeadh sé ar a haon déag a chlog san oíche. Bhíodh orainn sinn féin a réiteach i gcomhair na scoile, agus an dinnéar a ullmhú go minic freisin. Nuair a bhí mé trí bliana déag d'aois ghlac mé féin agus deirfiúr dom cúraimí an tí orainn féin."

Tá sé soiléir go ndeachaigh bás a máthar agus cúraimí an tí, agus í chomh hóg sin, i bhfeidhm go mór ar an dearcadh daingean atá ag Luzveminda ar an saol. Tá sé beartaithe aici filleadh ar an ollscoil chun an bhliain dheireanach dá cúrsa eolaíochta a dhéanamh.

(i) Conas a tharla sé gur chuir Luzveminda isteach ar an gcomórtas? (10 marc)

(ii) Cén fáth ar roghnaigh sí *Trócaire*? (10 marc)

(iii) Cad a chuaigh chun tairbhe di sa bhliain 1988? (10 marc)

(iv) Cén fáth a bhfuil cuairt eile beartaithe ag muintir Shúilleabháin? (10 marc)

(v) "..... ghlac mé féin agus deirfiúr dom cúraimí an tí orainn féin."
Cad iad an dá shampla de na cúraimí tí sin a luann Luzveminda? (10 marc)

## B – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.


# TRÍOCHA BLIAIN AR AN AER

Sa bhliain 1969, craoladh clár nua ar Raidió Éireann darbh ainm "*Popcheol na Máirte.*" Ba é **Seán Bán Breatnach** (nó **SBB**) a bhí á chur i láthair. Rud nua ba ea é clár popcheoil a bheith á chraoladh i nGaeilge. Ní gnáthchlár a bhí ann ar chúis eile freisin. Faoi mar a mhíníonn Seán féin, ba é sin an chéad chlár ar Raidió Éireann nach raibh script ag dul leis. Go dtí sin, bhíodh gach rud a déarfadh craoltóirí ar an aer scríofa amach acu roimh ré.

Cuireadh Raidió na Gaeltachta ar bun i 1972, agus an bhliain ina dhiaidh sin bhí a chlár féin ag Seán Bán air. "*SBB: a Cheirníní agus a Chairde*" an t-ainm a bhí ar an gclár sin. "Bhíodh thart ar 500 iarratas againn do gach clár díobh," a deir Seán. "B'iontach an rud é sin, mar clár ba ea é ar stáisiún nua a bhí ag craoladh go hiomlán i nGaeilge."

I 1976, theastaigh ó RTÉ clár nua teilifíse do dhaoine óga a chur ar fáil i nGaeilge. Theastaigh duine an-speisialta chun an clár sin a chur i láthair. Cainteoir líofa Gaeilge le pearsantacht tharraingteach a thuig meon daoine óga a bhí ag teastáil. Ba léir go raibh na buanna sin ag Seán Bán. Ceapadh é ina láithreoir ar an gclár nua teilifíse "*SBB ina Shuí*" agus d'éirigh thar barr leis an gclár. I measc na ndaoine a bhí ag Seán ar an gclár sin bhí *Foster and Allen*, beirt a bhain cáil idirnáisiúnta amach ina dhiaidh sin. Cúis bhróid ag Seán gur trína chlár féin a chuir a lán de mhuintir na hÉireann aithne ar dtús ar an mbeirt sin.

Cé go raibh baint ag Seán Bán le go leor clár raidió agus teilifíse le tríocha bliain anuas, is mar chraoltóir spóirt ar Raidió na Gaeltachta is fearr atá aithne air.



Cé go bhfuil sé an-dílis go deo do Raidió na Gaeltachta, ní aontaíonn sé le stiúrthóirí an stáisiúin faoi gach rud. Níl cead amhráin i mBéarla a chraoladh ar an stáisiún sin. Níl mórán céille, dar leis, leis an riail sin. "Ba mhaith liomsa," a deir sé, "go mbeadh clár cosúil le *Top Twenty* againn idir a hocht agus a deich a chlog san oíche ar an sceideal nua. Ach faraor, ní bheidh sé ann."

(i) Ní "gnáthchlár" a bhí in "*Popcheol na Máirte*" ar **dhá** chúis. Cad iad an **dá** chúis sin? (10 marc)

(ii) Cad é an rud iontach, dar le Seán, a bhain leis an gclár a luaitear sa dara halt? (10 marc)

(iii) "Ba léir go raibh na buanna sin ag Seán Bán." Luaigh **dhá cheann** de na buanna atá i gceist. (10 marc)

(iv) Cén fáth a bhfuil bród ar Sheán faoin mbaint a bhí aige le *Foster and Allen*? (10 marc)

(v) Cad é an dearcadh atá ag Seán Bán ar an riail atá ag Raidió na Gaeltachta faoi amhráin i mBéarla? (10 marc)